# Stair na Sraithe Sóisearaí 2017-18

Moltaí i leith am gairmiúil a úsáid

**Am gairmiúil do mhúinteoirí** - is ionann sin agus am gan teagmháil le scoláirí ina mbíonn múinteoirí rannpháirteach i réimse gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha chun tacú le cur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí. Tabharfaidh an t-am seo deis do mhúinteoirí a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí áirithe, sna réimsí seo a leanas::

- Gníomhaíochtaí gairmiúla don scoil uile chun tacú leis an tSraith Shóisearach
- Gníomhaíochtaí gairmiúla don mhúinteoir aonair agus do Roinn an Ábhair
- Ullmhúchán le haghaidh cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú

Sa doiciméad seo, tá liosta moltaí do mhúinteoirí Staire ar an gcaoi chun úsáid a bhaint as an 22 uair an chloig d'am gairmiúil do 2017/18 agus amach anseo. Cuimsíonn na moltaí deiseanna do mhuinteoirí aonair chomh maith le gníomhaíocht ghairmiúil do Roinn an Ábhair. Le cois na moltaí thíos, tá sé tábhachtach cuimhneamh go mbainfidh an Cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair dhá aonad de cheithre huaire an chloig den 22 uair d'am gairmiúil do mhúinteoirí Staire, idir MRBnna1 agus MRBnna2.

Tá sé tábhachtach cuimhneamh freisin go mbeidh riachtanais agus tosaíochtaí éagsúla ag gach ábhar, agus nach bhfuil sa mhéid seo a leanas ach moltaí. Is faoi gach scoil, Roinn Ábhair agus múinteoir é an 22 uair an chloig d'am gairmiúil a úsáid ar dhóigh a oibreoidh dóibh féin

# Bealaí éagsúla inar féidir úsáid a bhaint as d'am gairmiúil

**Am Gairmiúil 2018 agus Amach Anseo**

## Scoil Uile

- Diancheistiú ar Chreat na Sraithe Sóisearaí, 2015
- Plé agus cruinnithe na Scoile Uile ar impleachtaí an Chreata ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar chleachtas an mheasúnaithe agus tuairisciú .
-Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh a thacaíonn le folláine thar na réimsí ábhair uile
 -Gníomhaíochtaí Athmhachnaimh don scoil uile ar cheann amháin as an gceithre réimse ón doiciméad *Ag Breathnú ar an Scoil s'Againne*

## Ar bhonn aonair

-Tabhairt faoi Chreat na Sraithe Sóisearaí (2015)
- Tabhairt faoin tSonraíocht Ábhair do Stair na Sraithe Sóisearaí ar www.curriculumonline.ie
-Acmhainní a aimsiú, a bheadh ag tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú laistigh de réimsí na sonraíochta
- Tús a chur le bailiú nó cruthú acmhainní agus straitéisí ranga a thacóidh leis an mbaint a bhíonn ag scoláirí leis na TFanna agus iad a roinnt le baill eile sa roinn Staire
- Tuilleadh deiseanna FGL a lorg ar láthair na scoile agus ar líne ón SSM nó acmhainní eile (www.jct.ie)

## Roinn Ábhair

- Oibrigh i dtreo cur chuige comhoibríoch a fhorbairt i leith na pleanála agus úsáid a bhaint as torthaí foghlama – comhaontú ar TFanna comónta chun díriú orthu
- Dul i ngleic le hacmhainní agus le straitéisí ranga ar www.jct.ie
- Acmhainní agus modheolaíochtaí rathúla a roinnt agus athmhachnamh a dhéanamh ar chleachtas reatha sa tseomra ranga
- Gnásanna measúnaithe foirmitheacha a mheas, a chruthú agus a aontú chun tacú le foghlaim i Stair na Sraithe Sóisearaí
- Meabhrú ar thaisce acmhainní comhroinnte a chruthú ar an bhfreastalaí scoile a mbeadh teacht air ag baill uile na roinne Staire
- Ceann amháin as an gceithre réimse ón doiciméad *Ag Breathnú ar an Scoil s'Againne* a úsáid i gcomhthéacs Stair na Sraithe Sóisearaí